


**Maynooth University, Ireland**

**Irish Language Education Programme for Primary Schools**

**Áiseanna do Ghaelscoileanna & Scoileanna Gaeltachta**

# Aguisin 3: Péinteanna Bithbhunaithe

*D'fhonn péint dhearg nó bhándearg bhithbhunaithe a dhéanamh as ábhair nádúrtha, lean na céimeanna seo a leanas:*

**Comhábhair:**

- ★ 1/2 taespúnóg de phúdar biatais, nó 1 go 2 sútha talún, sútha craobh nó silíní, nó púdar rós dearg (don dath)
- ★ 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit (le haghaidh uigeachta agus ceangailteachais)
- ★ 1/2 taespúnóg uisce (leis an bpéint a mheascadh agus a ghníomhachtú)

**Ullmhaigh an Bundhath:**

Má tá tú púdar biatais nó púdar rós dearg in úsáid agat, tomhais amach 1/2 taespúnóg den phúdar agus cuir i mbabhla beag meascáin é.

Má tá torthaí úra (sútha craobh, sútha talún nó silíní) in úsáid agat, déan brúitín de na torthaí leis an sú a bhaint astu. Measc 1 go 2 sméar go dtí go mbeidh thart ar 1/2 taespúnóg leachta agat. Más fearr leat, is féidir an sú a scagadh leis na síolta nó an laíon a bhaint.

**Cruthaigh an Taos:**

Cuir 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit leis an mbundhath atá déanta agat (bíodh sé ó phúdar biatais/rós nó ó shú torthaí). Cabhraíonn an púdar ararúit leis an meascán a thiubhú agus le dlús a chur ann agus oibríonn sé mar cheanglóir chomh maith.

Measc na comhábhair le chéile lena cinntiú nach bhfuil cnapáin ann agus go ndíscaoileann an púdar ararúit i gceart. Beidh sé cosúil le taos.

**Cuir Uisce Leis:**

Cuir 1/2 taespúnóg uisce leis an meascán go mall. Measc go maith é leis an bpúdar ararúit a ghníomhachtú agus len é a chomhcheangal. Cabhraíonn an t-uisce leis an taos a chaolú go comhsheasmhacht le go mbeidh sé furasta é a sméaradh mar phéint. Má tá an meascán ró-thiubh, is féidir cúpla braon uisce eile a chur leis go dtí go sroicheann sé an comhsheasmhacht atá uait.

**Measc agus Tástáil:**

Nuair a bhíonn an phéint ar an gcomhsheasmhacht cheart, déan í a thástáil ar phíosa páipéir nó ar dhromchla eile. Más mian leat dath níos saibhre, is féidir níos mó púdar biatais nó sú nádúrtha torthaí a chur leis. Má tá an phéint ró-lag, cuir beagáinín eile de phúdar ararúit leis.

**Stóráil:**

Stóráil an phéint i gcoimeádán beag aerdhíonach más mian leat í a úsáid níos déanaí. Má tá sí le húsáid níos moille, coinnigh í in áit fhionnuar, thirim. Cuimhnigh nach maireann péinteanna nádúrtha chomh fada leis na cinn sintéiseacha toisc nach bhfuil coimeádáin iontu, mar sin is fearr iad a úsáid laistigh de sheachtain. Leis an oideas seo is féidir péint shimplí, atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh. An rud is fearr fúithi, déantar í as comhábhair nádúrtha! B'fhéidir nach mbeidh an dath chomh láidir leis na péinteanna sintéiseacha, ach beidh dath álainn fíneálta leis an bpéint nádúrtha seo, agus is féidir i gcónaí na cainníochtaí a choigeartú leis an dath atá uait a bhaint amach. Tá difríocht dhearfach á déanamh agat don phláinéad freisin!

**Comhábhair le haghaidh dathanna eile:**

- Buí: 1/2 taespúnóg de phúdar tuirmiric, 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit, 1/2 taespúnóg uisce
- Oráiste: 1/2 taespúnóg de phúdar paprika nó púdar piobar dearg, 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit, 1/2 taespúnóg uisce
- Glas: 1/2 taespúnóg de phúdar matcha, 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit, 1/2 taespúnóg uisce
- Gorm/Corcra: 1 go 2 fhionnúin ghorma, 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit, 1/2 taespúnóg uisce
- Donn: 1/2 taespúnóg de phúdar cócó, 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit, 1/2 taespúnóg uisce
- Bán: 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit, 1/2 taespúnóg uisce
- Dubh: 1/2 taespúnóg de phúdar gualaigh, 1/2 taespúnóg de phúdar ararúit, 1/2 taespúnóg uisce

# Aguisin 4: Scuaba Péinteála Dúlra

*D'fhonn scuaba péinteála a dhéanamh as ábhair nádúrtha, lean na céimeanna seo a leanas:*

**Toradh Foghlama:**
Foghlaimeoidh na páistí conas a gcuid scuaba péinteála féin a dhéanamh as ábhair nádúrtha. Cuir i gcás, craobhacha glasa, cipíní, agus bláthanna. Ina dhiaidh sin, bainfidh siad úsáid as na scuaba siúd chun carraigeacha a phéinteáil amuigh faoin aer. Ar an gcaoi sin, spreagtar cruthaitheacht i measc na bpáistí agus cothaítear meas ar an dúlra, chomh maith.

**Ábhair:**
Craobhacha úra glasa nó cipíní (tuairim is 6 orlach ar fad)
Sreangán nádúrtha nó téad
Bláthanna fiáine (úr nó triomaithe)
Spíonlach giúise nó a mhacasamhail
Duilleoga beaga, peitil, nó luibheanna (roghnach)
Siosúr

**Achar:**
30 nóiméad

**Modh:**

Intreoir (10 nóiméad)

**Déan plé ar an dúlra:** Déan plé ar an gcaoi a gcuireann an dúlra neart ábhar ar fáil dúinn chun ealaín a chleachtadh. Iarr orthu smaoineamh ar na rudaí gur féidir leo a dhéanamh as na hábhair atá acu inniu. Inis dóibh go ndéanfaidh siad scuaba péinteála as cipíní, craobhacha agus bláthanna. Abair leo go mbainfidh siad úsáid astu siúd d'fhonn carraigeacha a phéinteáil.

**Taispeáin samplaí:** Taispeáin roinnt scuaba samplacha dóibh d'fhonn cuidiú le páistí atá ag streachailt.

Céim 1: Ag cruinniú ábhar (5 nóiméad)

Nod sábhailteachta: Mínigh do na páistí gur chóir dóibh ábhair a phiocadh ón talamh seachas ó phlandaí beo. Ar an dóigh sin, caomhnaítear sláinte an dúlra. Spreag na páistí

craobhacha beaga glasa agus cipíní a bhailiú maille le bláth nó duilleog ar bith a tharraingíonn a n'aird.

Ceim 2: Na scuaba péinteála nádúrtha a dhéanamh (20 nóiméad)

Cuir na cipíní i bhfearas: Glac craobh úr ghlas nó cipín (tuairim is 6 orlach ar fad). Beidh na nithe siúd ina gcosa scuaibe. Bain úsáid as an siosúr chun na cipíní nó na duilleoga a ghearradh ina bpíosaí beaga. Beidh na blúirí siúd ina ribí scuaibe.

**Fáisc le téad:**
Taispeáin do na páistí conas píosa de théad nádúrtha a fháisceadh timpeall ar bharr an chipín chun na ríbí a theannadh. Deimhnigh, go bhfuil an sreangán fáiscthe go docht daingean d'fhonn gach rud a choinneáil le chéile. Ina dhiaidh sin is uile, cuir snaidhm ann. Spreag na páistí na cosa scuaibe s'acusan a mhaisiú le bláthanna beaga, peitil nó tuilleadh sreangáin. Is féidir leat na maisiúcháin seo a cheangal ar an gcos scuaibe chun dath a chur uirthi.

**Bain triail as an scuab:**
Sula gcuirtear tús leis an seisiún péinteála, tabhair deis do na paistí a gcuid scuaba a thumadh in uisce lena chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú i gceart. Má tá na ribí scaoilte, ba cheart níos mó téada a úsáid d'fhonn iad a theannadh.

*Bainigí sult as an bpéinteáil*

*Agus na páistí i mbun péinteála, spreag iad na scuaba s'acusan agus a gcuid smaointe a roinnt le chéile, ionas go mbeidh deis ag gach duine triail a bhaint as ábhair éagsúla.*

**Glantachán:**
Nuair a bheidh gach duine críochnaithe, spreag na páistí a gcuid scuaba a ní le huisce. Ba chóir dóibh cuidiú le chéile agus an gníomh seo ar bun acu. Ina dhiaidh sin, fágfaidh siad na scuaba le triomú don chéad uair eile.

**Nóta:**
Mura bhfuil rochtain agat ar bhláthanna fiáine, d'fhéadfá duilleoga nó spíonlach giúise a úsáid chun iad a mhaisiú.

Meabhraigh do na páistí ómós a léiriú don dúlra agus iad ag bailiú ábhar - ba chóir dóibh rudaí a phiocadh ón talamh amháin agus an dúlra a fhágáil mar atá sé. Faoi dheireadh an cheachta, beidh taithí spraíúil agus idirghníomhach faighte ag na páistí maidir le huirlisí nádúrtha a dhéanamh agus i dtaca le húsáid na bhfearas siúd amuigh faoin aer.